IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

**I.R. Uimh. 707 de 2021**

---

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ), 2021

I.R. Uimh. 707 de 2021

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ), 2021

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, Jack Chambers, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú), 2021 a ghairm den Ordú seo.

2. Tá na limistéir a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an* 28 *Nollaig*, 2021, *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

SCEIDEAL

**Limistéar Pleanála Teanga: Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe**

(1) Na limistéir toghroinne i gContae na Gaillimhe seo a leanas: Maigh Cuilinn agus Sliabh an Aonaigh.

(2) An chuid sin de thoghroinn ceantair Thulaigh Mhic Aodháin i gContae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Baile Dóite, Ceathrú an Loistreáin, Cluain na Binne, Cnoc an tSeanbhaile, Cill Ráine, Droma Bheag, Gort an Chalaidh, Gort Uí Lochlainn, Liagán agus Tulaigh Mhic Aodháin.

Arna thabhairt faoi mo láimh,
8 Nollaig 2021.

JACK CHAMBERS,

Aire Stáit ag an Roinn Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

*Official Translation / Tiontú Oifigiúil*

STATUTORY INSTRUMENTS.

**S.I. No. 707 of 2021**

---

GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS) ORDER 2021

*Official Translation / Tiontú Oifigiúil*

S.I. No. 707 of 2021

GAELTACHT ACT 2012 (DESIGNATION OF GAELTACHT LANGUAGE PLANNING AREAS) ORDER 2021

I, JACK CHAMBERS, Minister of State at the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media, in exercise of the powers conferred on me by section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012) (as adapted by the Culture, Heritage and the Gaeltacht (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order 2020 (S.I. No. 403 of 2020)) and the Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media (Delegation of Ministerial Functions) Order 2020 (S.I. No. 547 of 2020), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Gaeltacht Act 2012 (Designation of Gaeltacht Language Planning Areas) Order 2021.

2. The areas specified in the Schedule are designated to be a Gaeltacht Language Planning Area for the purposes of section 7(2) of the Gaeltacht Act 2012 (No. 34 of 2012).

*Notice of the making of this Statutory Instrument was published in “Iris Oifigiúil” of* 28*th December*, 2021.

*Official Translation / Tiontú Oifigiúil*

SCHEDULE

**Language Planning Area: Maigh Cuilinn, Co. Galway**

(1) The following electoral division areas in County Galway: Maigh Cuilinn and Sliabh an Aonaigh.

(2) That part of the electoral division area of Thulaigh Mhic Aodháin in County Galway which consists of the following townlands: Baile Dóite, Ceathrú an Loistreáin, Cluain na Binne, Cnoc an tSeanbhaile, Cill Ráine, Droma Bheag, Gort an Chalaidh, Gort Uí Lochlainn, Liagán and Tulaigh Mhic Aodháin.

GIVEN under my hand,
8 December 2021

JACK CHAMBERS,

Minister of State at the Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
D02 DR67.

Teil: 076 110 6834
r-post: publications@opw.ie

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
D02 DR67.

Tel: 076 110 6834
E-mail: publications@opw.ie

ISBN 978-1-3993-1325-4

9 781399 313254

€ 3.00

(DCHGRPT-4) 85. 12/21. Propylon.